Comhairle an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, an 20 Meán Fómhair 2022
(OR. EN)

11724/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0230 (NLE)

LIMITE

POLCOM 93
WTO 144
AGRI 358
UD 161
UK 123

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaó ráta taraife uile a áirítear i sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

PUBLIC

AISTRIÚCHÁN

COMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ
DE BHUN AIRTEAGAL XXVIII DEN CHOMHAONTÚ GINEARÁLTA
UM THARAIFÍ AGUS TRÁDÁIL (CGTT) 1994 A BHAINEANN LE MODHNÚ
NA LAMHÁLTAS AR NA CUÓTAÓ RÁTA TARAIFE UILE A ÁIRÍTEAR
I SCEIDEAL CLXXV AE DE THORADH
THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE AS AN AONTAS EORPACH

PUBLIC

TÁ AN tAONTAS EORPACH,

dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,

agus

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ,

dá ngairtear ‘na Stáit Aontaithe’ anseo feasta,

dá ngairtear ‘na Páirtithe’ orthu araon anseo feasta,

AG FÉACHAINT don chaibidlíocht a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT sa doiciméad G/SECRET/42/Add.2,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

PUBLIC

AIRTEAGAL 1

Cuótaí rátaí taraife an Aontais nach n-airítear an Ríocht Aontaithe leis a thuilleadh

Maidir leis na cuótaí ráta taraife ar ina leith a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin ag na Stáit Aontaithe faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, aontaíonn na Stáit Aontaithe agus an tAontas leis na gealltanais atá beartaithe maidir le cainníocht na gcuótaí ráta taraife a leagtar amach le haghaidh an Aontais in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le G/SECRET/42/Add.2 atá i gceangal, faoina réir an méid seo a leanas:

– Cuóta ráta taraife 005 (Feoil bó-ainmhithe/Scairteach inite bó-ainmhithe): coigeartófar méid an Aontais de chuid thírshonrach na Stát Aontaithe/Cheanada chuig 10 500 tona;

– Cuóta ráta taraife 015 (Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: Gearrthacha de mhucra clóis, úr, fuaraithe nó reoite ar an gcnámh nó gan chnámha, cé is moite den luan bog a chuirtear ar fáil ar leithligh): coigeartófar méid an Aontais den chuid erga omnes chuig 4 786 thona;

– Cuóta ráta taraife 017 (Feoil ó mhucra, úr, fuaraithe nó reoite: luanta agus liamhása gan chnámha mucra clóis, muiceoil úr, fhuaraithe nó reoite): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 5 720 tona;

– Cuóta ráta taraife 018 (Feoil ó mhucra, úr, fuaraithe nó reoite: luanta agus liamhása gan chnámha mucra clóis, úr, fuaraithe nó reoite): coigeartófar méid an Aontais de chuóta tírshonrach na Stát Aontaithe chuig 0 tona;

– Cuóta ráta taraife 030 (Púdar bainne bhearrtha): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 62 917 dtona;

– Cuóta ráta taraife 044 (Prátaí, úr nó fuaraithe, ón 1 Eanáir go dtí an 15 Bealtaine): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 4 295 thona;

– Cuóta ráta taraife 045 (Trátaí): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 472 thona;

– Cuóta ráta taraife 047 (Cairéid agus tornapaí, iad úr nó fuaraithe): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 1 244 thona;

– Cuóta ráta taraife 048 (Cúcamair, úr nó fuaraithe, ón 1 Samhain go dtí an 15 Bealtaine): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 647 dtona;

– Cuóta ráta taraife 051 (Oinniúin thriomaithe): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 9 770 tona;

– Cuóta ráta taraife 056 (Almóinní): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 86 223 thona;

– Cuóta ráta taraife 065 (Silíní fiáine úra, ón 21 Bealtaine go dtí an 15 Iúil): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 151 tona;

– Cuóta ráta taraife 068 (Cruithneacht bhog - meáncháilíocht agus ísealcháilíocht): coigeartófar méid an Aontais de chuóta tírshonrach na Stát Aontaithe chuig 572 000 tona;

PUBLIC

– Cuóta ráta taraife 069 (Eorna): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 307 105 thona;

– Cuóta ráta taraife 071 (Arbhar Indiach): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 276 440 tona;

– Cuóta ráta taraife 074 (Rís gan scilligeadh): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 7 dtona;

– Cuóta ráta taraife 076 (Rís leathmheilte nó rís lánmheilte): fo-leithdháileadh an chuóta seo ar na Stáit Aontaithe arna riar go hinmheánach faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais, coigeartófar é chuig 25 772 thona;

– Cuóta ráta taraife 077 (Rís leathmheilte nó rís lánmheilte): fo-leithdháileadh an chuóta seo ar na Stáit Aontaithe arna riar go hinmheánach faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais, coigeartófar é chuig 1 910 dtona;

– Cuóta ráta taraife 080 (Rís bhriste): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 28 360 tona;

– Cuóta ráta taraife 110 (Súnna torthaí): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 6 551 tona;

– Cuóta ráta taraife 111 (Sú fíonchaor): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 2 525 thona;

PUBLIC

– Cuóta ráta taraife 112 (Ullmhóidí bia): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 783 thona;

– Cuóta ráta taraife 113 (Ullmhóidí bia): coigeartófar méid an Aontais de chuóta tírshonrach na Stát Aontaithe chuig 1 286 thona;

– Cuóta ráta taraife 121 (Ullmhóidí eile den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe: Nach bhfuil aon táirgí bainne iontu nó ar lú ná 10 % de na táirgí den sórt sin atá iontu de réir meáchain): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 2 800 tona;

– Cuóta ráta taraife 122 (Ullmhóidí eile den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe: Nach bhfuil aon táirgí bainne iontu nó ar lú ná 10 % de na táirgí den sórt sin atá iontu de réir meáchain): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 2 700 tona;

– Cuóta ráta taraife 123 (Bia madra agus bia cait): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 1 732 thona;

– Cuóta ráta taraife 011 (Séaclaí próiseáilte den speiceas Pandalus borealis): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 500 tona;

– Cuóta ráta taraife 013 (Sraithadhmad de speicis bhuaircíneacha, gan substaintí eile a chur leis: - nár ullmhaíodh a shraitheanna níos mó ná an próiseas scafa, ar mó an tiús atá ann ná 8,5 mm, nó - é greanáilte, ar mó an tiús atá ann ná 18.5 mm): coigeartófar méid an Aontais den chuóta erga omnes chuig 448 500 m ciúbach.

PUBLIC

Thairis sin, comhaontaíonn na Stáit Aontaithe agus an tAontas maidir leis an athrú seo a leanas ar ghealltanais sceidealta chun úsáid cuóta ráta taraife a éascú:

– Cuóta ráta taraife 011 (Feoil bó-ainmhithe, reoite; scairteach inite bó-ainmhithe, reoite): déanfaidh an tAontas an chuid ad valorem den dleacht laistigh den chuóta a choigeartú ó 20 % go 15 %.

PUBLIC

AIRTEAGAL 2

Caibidlíocht leanúnach an Aontais faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994

1. Tuigeann na Stáit Aontaithe go bhfuil an tAontas ag leanúint de chaibidlíocht agus de chomhairliúcháin le Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994 mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT sa doiciméad G/SECRET/42/Add.2.

2. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar na comhairliúcháin sin, b'fhéidir gur mhaith leis an Aontas breithniú a dhéanamh ar athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na sciartha agus ar na cainníochtaí a leagtar amach sa liosta thuas nó ar na cinn sin a mhol an tAontas sa doiciméad G/SECRET/42/Add.2. I gcás ina mbeartaítear athrú den sórt sin maidir le gealltanas cuóta ráta taraife ón Aontas a tugadh roimhe sin agus a bhfuil ceart caibidlíochta nó comhairliúcháin ag na Stáit Aontaithe ina leith, rachaidh an tAontas i gcomhairle leis na Stáit Aontaithe d'fhonn toradh atá sásúil go frithpháirteach a lorg sula rachaidh sé ar aghaidh chuig aon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach páirtí faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994.

AIRTEAGAL 3

Forálacha críochnaitheacha

1. Tabharfaidh an tAontas agus na Stáit Aontaithe fógra dá chéile faoi thabhairt i gcrích a gcuid nósanna imeachta inmheánacha maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra deiridh.

2. Comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe atá sa Chomhaontú seo, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) agus (b) de CGTT 1994.

ARNA DHÉANAMH in/sa [suíomh], an [dáta] seo, i ndúblach i mBéarla.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Stáit Aontaithe Mheiriceá

PUBLIC

PUBLIC

G/SECRET/42/Add.2

Liosta de na cuótaí ráta taraife atá le modhnú i Sceideal CLXXV – an tAontas Eorpach

Is iad seo a leanas na modhnuithe atá beartaithe:

Tá sé beartaithe na TRQanna a chionroinnt idir an tAontas Eorpach mar a bheidh sé tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ('AE27') agus an Ríocht Aontaithe bunaithe ar na sreafaí trádála faoi gach TRQ le linn tréimhse ionadaíoch (2013-2015). Suíodh an chionroinnt de réir chion úsáide (%) AE27 agus na Ríochta Aontaithe faoi seach, a cuireadh i bhfeidhm maidir le méid iomlán na TRQanna sceidealaithe. Leanadh cur chuige comhsheasmhach le haghaidh gach TRQ, lena n-áirítear maidir le sonraí agus modheolaíocht. Leagtar amach thíos na lamháltais atá ann faoi láthair agus an chionroinnt atá beartaithe le haghaidh AE27.

1. Cuótaí ráta taraife atá le modhnú i gCuid I, Roinn I-B (Táirgí Talmhaíochta)

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
001	Bó-ainmhithe beo	ceann		710	710
002	Bó-ainmhithe beo	ceann		711	711
003	Bó-ainmhithe beo	ceann		24 070	24 070
004	Caoirigh agus gabhair bheo, seachas ainmhithe síolrúcháin folaíochta	t	IAR-PHOBLACHT IÚGSLAVACH NA MACADÓINE	215	215
004	Caoirigh agus gabhair bheo, seachas ainmhithe síolrúcháin folaíochta	t	Eile	105	105
004	Caoirigh agus gabhair bheo, seachas ainmhithe síolrúcháin folaíochta	t	*Erga omnes*	91	91
005	Feoil bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an táirge)	An Airgintín	17 000	16 936
005	Feoil bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an táirge)	An Astráil	7 150	2 481

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
005	Feoil bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an táirge)	Uragua	2 300	2 022
005	Feoil bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an táirge)	SAM/Ceanada	11 500	11 481
006	Feoil ardcháilíochta bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t	An Nua-Shéalainn	1 300	846
007	Feoil ardcháilíochta bó-ainmhithe gan chnámha, úr nó fuaraithe Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t	An Airgintín	12 500	12 453
008	Feoil gan chnámha bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t	An Bhrasaíl	10 000	8 951

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
009	Feoil gan chnámha bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, úr, fuaraithe nó reoite	t	Uragua	4 076	3 584
010	Feoil bó-ainmhithe, reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, reoite	t (meáchan gan chnámha)		54 875	43 732
011	Feoil bó-ainmhithe, reoite Scairteach inite bó-ainmhithe, reoite	t (meáchan an táirge le cnámha)		63 703	19 676
012	Feoil buabhaill gan chnámha, úr, fuaraithe nó reoite	t (gan chnámha)	An Airgintín	200	200
013	Feoil buabhaill gan chnámha, reoite	t (gan chnámha)	An Astráil	2 250	1 405
014	Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: - Conablaigh agus leathchonablaighmucra clóis, úr, fuaraithe nó reoite	t		15 067	15 067

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
015	Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: - Gearrthacha de mhucra clóis, úr, fuaraithe nó reoite, ar an gcnámh nó gan chnámha, cé is moite den luan bog a chuirtear ar fáil ar leithligh	t	Ceanada	4 624	4 623
015	Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: - Gearrthacha de mhucra clóis, úr, fuaraithe nó reoite, ar an gcnámh nó gan chnámha, cé is moite den luan bog a chuirtear ar fáil ar leithligh	t	*Erga omnes*	6 135	6 133
016	Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: - Luain mucra clóis agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh, úr nó fuaraithe - Boilg (stríocacha) mucra clóis agus gearrthacha díobh, reoite	t		7 000	7 000
017	Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: - Luain agus liamhása gan chnámha mucra clóis, úr, fuaraithe nó reoite	t		35 265	12 680

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
018	Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: - Luain agus liamhása gan chnámha mucra clóis, úr, fuaraithe nó reoite	t	SAM	4922	1 770
019	Feoil mucra, úr, fuaraithe nó reoite: - Luain bhoga mucra clóis úr, fuaraithe nó reoite	t		5 000	3 780
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	An Airgintín	23 000	17 006
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	An Astráil	19 186	3 837
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	An tSile	3 000	2 628
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	An Ghraonlainn	100	48

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	An Íoslainn	600	349
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	An Nua-Shéalainn	228 389	114 184
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	Uragua	5 800	4 759
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	850	410
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	Eile	200	200
020	Caoireoil nó feoil gabhair, úr, fuaraithe nó reoite	t (meáchan an chonablaigh)	*Erga omnes*	200	178

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
021	Scairteach inite bó-ainmhithe, reoite	t	An Airgintín	700	700
021	Scairteach inite bó-ainmhithe, reoite	t	Eile	800	800
022	Conablaigh cearc, úr, fuaraithe nó reoite	t		6 249	4 054
023	Feoil agus scairteach inite ó éanlaith chlóis, úr, fuaraithe nó reoite	t	SAM	21 345	21 345
024	Gearrthacha de shicíní, úr, fuaraithe nó reoite	t		8 570	8 253
025	Gearrthacha gan chnámha ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus*, reoite	t		2 705	2 427
026	Gearrthacha ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus*, reoite	t	An Bhrasaíl	9 598	8 308
026	Gearrthacha ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus*, reoite	t	*Erga omnes*	15 500	13 471
027	Feoil turcaí, úr, fuaraithe nó reoite	t		1 781	1 781
028	Gearrthacha ó thurcaithe, reoite	t	An Bhrasaíl	3 110	2 692
028	Gearrthacha ó thurcaithe, reoite	t	*Erga omnes*	4 985	4 253

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
029	Feoil shaillte ó éanlaith chlóis	t	An Bhrasaíl	170 807	129 930
029	Feoil shaillte ó éanlaith chlóis	t	An Téalainn	92 610	68 385
029	Feoil shaillte ó éanlaith chlóis	t	Eile	828	824
030	Púdar bainne bhearrtha	t		68 537	68 536
031	Im agus saillte agus olaí eile a dhíorthaítear ó bhainne	t (i gcoibhéis ime)		11 360	11 360

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
032	Im, 6 seachtaine d'aois ar a laghad, nach bhfuil a chion saille de réir meáchain níos lú ná 80 % ach atá níos lú ná 85 % a dhéantar a mhonarú go díreach ó bhainne nó uachtar gan ábhair stóráilte a úsáid, i bpróiseas aonair neamhspleách gan bhriseadh. Im, 6 seachtaine d'aois ar a laghad, nach bhfuil a chion saille de réir meáchain níos lú ná 80 % ach atá níos lú ná 85 % a dhéantar a mhonarú go díreach ó bainne nó uachtar gan ábhair stóráilte a úsáid, i bpróiseas aonair neamhspleách gan bhriseadh ina bhféadfadh an t-uachtar dul trí chéim ina bhfuil an tsaill ime tiubhaithe agus/nó codánaithe (an próiseas dá dtagraítear mar 'Ammix' agus 'Spreadable').	t	An Nua-Shéalainn	74 693	47 177

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
033	Cáis agus gruth: - Cáis phíotsa, reoite, gearrtha i bpíosaí nach mó ná 1 g meáchain gach ceann díobh, i gcoimeádáin de ghlanchion 5 kg nó níos mó, agus cion uisce inti de 52 % ar a laghad de réir meáchain, agus cion saille de 38 % ar a laghad de réir meáchain san ábhar tirim	t		5 360	5 360
034	Cáiseanna eile	t		19 525	19 525
035	Cáis agus gruth: - De chineál Emmental, lena n-áirítear Emmental próiseáilte	t		18 438	18 438
036	Cáis agus gruth: - Gruyère agus Sbrinz, lena n-áirítear Gruyère próiseáilte	t		5 413	5 413
037	Cáis agus gruth: - Cáis lena próiseáil	t		20 007	11 741
038	Cáis lena próiseáil	t	An Astráil	500	500
038	Cáis lena próiseáil	t	An Nua-Shéalainn	4 000	1 670

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
039	Cáis agus gruth: - Céadar	t		15 005	14 941
040	Céadar	t	An Nua-Shéalainn	7 000	4 361
040	Céadar	t	An Astráil	3 711	3 711
041	Céadar	t	Ceanada	4 000	0
042	Uibheacha éanlaithe clóis lena n-ithe, i mblaosc	t		135 000	114 669
043	Buíocáin uibhe Uibheacha éan, nach bhfuil i mblaosc	t (coibhéis ubh-sa-bhlaosc)		7 000	7 000
044	Prátaí, úr nó fuaraithe, ón 1 Eanáir go dtí an 15 Bealtaine	t		4 295	4 292
045	Trátaí	t		472	464
046	Gairleog	t	An Airgintín	19 147	19 147
046	Gairleog	t	An tSín	48 225	40 556
046	Gairleog	t	Eile	6 023	3 711

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
047	Cairéid agus tornapaí, iad úr nó fuaraithe	t		1 244	1 192
048	Cúcamair, iad úr nó fuaraithe, ón 1 Samhain go dtí an 15 Bealtaine	t		1 134	500
049	Glasraí eile, iad úr nó fuaraithe (piobair mhilse)	t		500	500
050	Beacáin den speiceas *Agaricus*, ullmhaithe, leasaithe nó leasaithe go sealadach	t	An tSín	1 450	1 450
050	Beacáin den speiceas *Agaricus*, ullmhaithe, leasaithe nó leasaithe go sealadach	t	*Erga omnes*	33 980	33 980
051	Oinniúin thriomaithe	t		12 000	9 696
052	Casabhach	t	An Téalainn	5 750 000	3 096 027
053	Casabhach seachas millíní plúir agus mine Ararút, salep agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil cion mór stáirse iontu	t	An tSín	350 000	275 805

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
053	Casabhach seachas millíní plúir agus mine Ararút, salep agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil cion mór stáirse iontu	t	An Indinéis	825 000	0
053	Casabhach seachas millíní plúir agus mine Ararút, salep agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil cion mór stáirse iontu	t	Comhaltaí eile EDT seachas an Téalainn, an tSín agus an Indinéis	145 590	124 552
053	Casabhach seachas millíní plúir agus mine Ararút, salep agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil cion mór stáirse iontu	t	Tíortha eile nach Comhaltaí EDT iad	30 000	30 000
053	Casabhach seachas millíní plúir agus mine Ararút, salep agus fréamhacha agus tiúbair chomhchosúla a bhfuil cion mór stáirse iontu	t	Tíortha eile nach Comhaltaí EDT iad	2 000	1 691
054	Prátaí milse, seachas prátaí milse lena gcaitheamh ag an duine	t	An tSín	600 000	252 641

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
055	Prátaí milse, seachas prátaí milse lena gcaitheamh ag an duine	t	Seachas an tSín	5 000	4 985
056	Almóinní, seachas almóinní goirte	t		90 000	85 958
057	Oráistí milse, úr	t		20 000	20 000
058	Hibridí citris eile	t		15 000	14 931
059	Líomóidí, ón 15 Eanáir go dtí an 14 Meitheamh	t		10 000	8 156
060	Fíonchaora boird, iad úr, ón 21 Iúil go dtí an 31 Deireadh Fómhair	t		1 500	885
061	Úlla, iad úr, ón 1 Aibreán go dtí an 31 Iúil	t		696	666
062	Piorraí, iad úr, seachas piorraí leanna i mbulc, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig	t		1 000	810
063	Aibreoga, iad úr, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Bealtaine	t		500	74

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
064	Aibreoga, iad úr, ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Iúil	t		2 500	1 387
065	Silíní, iad úr, seachas silíní searbha, ón 21 Bealtaine go dtí an 15 Iúil	t		800	105
066	Cruithneacht chrua (dúram)	t		50 000	50 000
067	Cruithneacht ardcháilíochta	t		300 000	300 000
068	Cruithneacht bhog (meáncháilíocht agus ísealcháilíocht)	t	SAM	572 000	571 943
068	Cruithneacht bhog (meáncháilíocht agus ísealcháilíocht)	t	Ceanada	38 853	1 463
068	Cruithneacht bhog (meáncháilíocht agus ísealcháilíocht)	t	Eile	2 371 600	2 285 665
068	Cruithneacht bhog (meáncháilíocht agus ísealcháilíocht)	t	*Erga omnes*	129 577	129 577
069	Eorna	t		307 105	306 812
070	Eorna bhraiche	t		50 890	20 789

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
071	Arbhar Indiach	t		277 988	269 214
072	Arbhar Indiach	t		500 000	500 000
073	Arbhar Indiach	t		2 000 000	2 000 000
074	Rís gan scilligeadh	t		7	5
075	Rís scilligthe (donn)	t		1 634	1 416
076	Rís leathmheilte nó rís lánmheilte	t		63 000	36 731
077	Rís leathmheilte nó rís lánmheilte	t	An Téalainn	4 313	3 663
077	Rís leathmheilte nó rís lánmheilte	t	Eile	9 187	6 859
078	Rís leathmheilte nó rís lánmheilte	t	An Téalainn	1 200	1 019
078	Rís leathmheilte nó rís lánmheilte	t	*Erga omnes*	25 516	22 442

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
079	Rís bhriste atá beartaithe le haghaidh táirgeadh earraí bia faoi fho-cheannteideal 1901 10 00	t		1 000	1 000
080	Rís bhriste	t		31 788	26 581
081	Rís bhriste	t		100 000	93 709
082	Sorgam gráin	t		300 000	300 000
083	Muiléad	t		1 300	888
084	Coirce oibrithe, seachas coirce garbhmheilte	t		10 000	231
085	Stáirse casabhaigh	t		8 000	6 632
086	Stáirse casabhaigh	t		2 000	1 658
087	Ispíní, tirim nó atá le leathadh, neamhchócaráilte Ispíní eile	t		3 002	164
088	Feoil turcaí ullmhaithe	t	An Bhrasaíl	92 300	89 950

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
088	Feoil turcaí ullmhaithe	t	Eile	11 596	11 301
089	Circeoil phróiseáilte, neamhchócaráilte, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Bhrasaíl	15 800	10 969
089	Circeoil phróiseáilte, neamhchócaráilte, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	Eile	340	236
090	Feoil chócaráilte ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus*	t	An Bhrasaíl	79 477	52 665
090	Feoil chócaráilte ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus*	t	An Téalainn	160 033	109 441
090	Feoil chócaráilte ó éanlaith den speiceas *Gallus domesticus*	t	Eile	11 443	8 471
091	Circeoil phróiseáilte, ina bhfuil 25 % nó níos mó ach níos lú ná 57 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Bhrasaíl	62 905	59 699
091	Circeoil phróiseáilte, ina bhfuil 25 % nó níos mó ach níos lú ná 57 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Téalainn	14 000	8 019

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
091	Circeoil phróiseáilte, ina bhfuil 25 % nó níos mó ach níos lú ná 57 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	Eile	2 800	1 669
092	Circeoil phróiseáilte, ina bhfuil níos lú ná 25 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Bhrasaíl	295	163
092	Circeoil phróiseáilte, ina bhfuil níos lú ná 25 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Téalainn	2 100	1 162
092	Circeoil phróiseáilte, ina bhfuil níos lú ná 25 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	Eile	470	260
093	Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, neamhchócaráilte, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Téalainn	10	0
094	Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Téalainn	13 500	8 572

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
094	Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil 57 % nó níos mó d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	Eile	220	159
095	Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil 25 % nó níos mó ach níos lú ná 57 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Téalainn	600	300
095	Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil 25 % nó níos mó ach níos lú ná 57 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	Eile	148	0
096	Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil níos lú ná 25 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	An Téalainn	600	278
096	Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil níos lú ná 25 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain	t	Eile	125	58
097	Feoil mucra clóis atá ullmhaithe nó leasaithe	t		6 161	6 161

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
098	Siúcra cána amh, lena mhínghlanadh	t	An Astráil	9 925	4 961
098	Siúcra cána amh, lena mhínghlanadh	t	An Bhrasaíl	388 124	358 454
098	Siúcra cána amh, lena mhínghlanadh	t	Cúba	10 000	10 000
098	Siúcra cána amh, lena mhínghlanadh	t	*Erga omnes*	372 876	341 460
099	Siúcra cána nó biatais	t (coibhéis siúcra bháin)	An India	10 000	5 841
099	Siúcra cána nó biatais	t (coibhéis siúcra bháin)	Tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin	1 294 700	921 707
100	Fruchtós íon ó thaobh ceimice de	t		4 504	4 504
101	Fruchtós íon ó thaobh ceimice de	t		1 253	1 253
102	Milseogra	t		2 289	2 245

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
103	Seacláid	t		107	81
104	Seacláid	t		2 026	2 026
105	Ullmhóidí bia ina bhfuil gránaigh	t		191	191
106	Pasta	t		532	497
107	Brioscaí	t		409	409
108	Anainn, torthaí citris, piorraí, aibreoga, silíní, péitseoga agus sútha talún, agus iad leasaithe	t		2 838	2 820
109	Sú oráiste, é reoite, a bhfuil dlús aige nach mó ná 1,33 g/cm^3 ag teocht 20 °C	t		1 500	1 500
110	Súnna torthaí	t		7 044	6 436
111	Sú fíonchaor (lena n-áirítear úrfhíon fíonchaor)	t		14 029	0
112	Ullmhóidí bia	t		921	702

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
113	Ullmhóidí bia	t	SAM	1 550	831
114	Fíon ó fhíonchaora úra (seachas fíon súilíneach agus fíon ardcháilíochta a tháirgtear i réigiúin shonraithe) i gcoimeádáin =< 2 L agus a bhfuil a neart alcóil =< 13 %	hl		40 000	4 689
115	Fíon ó fhíonchaora úra (seachas fíon súilíneach agus fíon ardcháilíochta a tháirgtear i réigiúin shonraithe) i gcoimeádáin > 2 L agus a bhfuil a neart alcóil =< 13 %	hl		20 000	15 647
116	Fíon mormónta agus fíon eile ó fhíonchaora úra, a bhfuil substaintí aramatacha nó plandaí curtha leo mar bhlaistiú, i gcoimeádáin > 2 L agus a bhfuil a neart alcóil =< 18 %	hl		13 810	13 808
117	Bran, géaráin agus iarmhair eile, cibé acu atá siad i bhfoirm millíní nó nach bhfuil, a dhíorthaítear ó ghránaigh a chriathrú, a mheilt nó a oibriú ar bhealach eile	t		475 000	458 068
118	Glútan arbhair	t		10 000	10 000

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
119	Ullmhóidí ina bhfuil meascán de phéacáin braiche agus d'ábhar criathraithe eorna roimh an bpróiseas brachaidh (lena bhféadfar síolta eile a áireamh iontu), le glantacháin eorna tar éis an phróisis brachaidh, agus ina bhfuil 12,5 % de phróitéin nó níos mó de réir meáchain Ullmhóidí ina bhfuil meascán de phéacáin braiche agus d'ábhar criathraithe eorna roimh an bpróiseas brachaidh (lena bhféadfar a síolta a áireamh iontu), le glantacháin eorna tar éis an phróisis brachaidh, agus ina bhfuil 12,5 % de phróitéin nó níos mó de réir meáchain agus nach bhfuil níos mó ná 28 % de stáirse iontu	t		20 000	20 000

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
120	Ullmhóidí ina bhfuil meascán de phéacáin braiche agus d'ábhar criathraithe eorna roimh an bpróiseas brachaidh (lena bhféadfar síolta eile a áireamh iontu), le glantacháin eorna tar éis an phróisis brachaidh, agus ina bhfuil 15,5 % de phróitéin nó níos mó de réir meáchain Ullmhóidí ina bhfuil meascán de phéacáin braiche agus d'ábhar criathraithe eorna roimh an bpróiseas brachaidh (lena bhféadfar síolta eile a áireamh iontu), le glantacháin eorna tar éis an phróisis brachaidh, agus ina bhfuil 15,5 % de phróitéin nó níos mó de réir meáchain agus nach bhfuil níos mó ná 23 % de stáirse iontu	t		100 000	100 000
121	Ullmhóidí eile den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe: Nach bhfuil aon táirgí bainne iontu nó ar lú ná 10 % de na táirgí den sórt sin atá iontu de réir meáchain	t		2 800	2 746

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile — Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
122	Ullmhóidí eile den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe: Nach bhfuil aon táirgí bainne iontu nó ar lú ná 10 % de na táirgí den sórt sin atá iontu de réir meáchain	t		2 700	2 670
123	Bia madra agus bia cait	t		2 058	1 393
124	Ubh-albaimin	t (coibhéis ubh-sa-bhlaosc)		15 500	15 500

PUBLIC

2. Cuótaí ráta taraife atá le modhnú i gCuid I, Roinn II-B (táirgí eile)

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile - Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
001	Tuinníní (den ghéineas *Thunnus*) agus iasc den ghéineas *Euthynnus*	t		17 250	17 221
002	Scadán	t		34 000	31 888
003	Colmóir airgid (*Merluccius bilinearis*)	t		2 000	1 999
004	Iasc den ghéineas *Coregonus*	t		1 000	1 000
005	Iasc den ghéineas *Allocyttus* agus den speiceas *Pseudocyttus maculatus*	t		200	200
006	Troisc den speiceas *Gadus morhua* agus *Gadus ogac* agus iasc den speiceas *Boreogadus saida*	t		25 000	24 998
007	Iasc ullmhaithe nó leasaithe (cé is moite d'iasc ina iomláine nó i bpíosaí): sairdíní, boiníotónna, ronnaigh den speiceas *Scomber scombrus* agus *Scomber japonicus*, iasc den speiceas *Orcynopsis unicolor*	t		865	631

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile - Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
008	Iasc ullmhaithe nó leasaithe (cé is moite d'iasc ina iomláine nó i bpíosaí): sairdíní, boiníotónna, ronnaigh den speiceas *Scomber scombrus* agus *Scomber japonicus*, iasc den speiceas *Orcynopsis unicolor*	t	An Téalainn	1 410	123
009	Iasc ullmhaithe nó leasaithe (cé is moite d'iasc ina iomláine nó i bpíosaí): tuinnín, boiníotó aigéanach nó ó iasc eile den ghéineas *Euthynnus*	t		742	742
010	Iasc ullmhaithe nó leasaithe (cé is moite d'iasc ina iomláine nó i bpíosaí): tuinnín, boiníotó aigéanach nó ó iasc eile den ghéineas *Euthynnus*	t	An Téalainn	1 816	1 816
011	Séaclaí den speiceas *Pandalus borealis*, atá scilligthe, beirithe, reoite, ach nach bhfuil ullmhaithe ar shlí eile	t		500	474
012	Cráifisc fionnuisce, cócaráilte le lus mín, reoite	t		3 000	2 965

PUBLIC

Sraithuimhir TRQanna	Tuairisc ar an TRQ	Aonad	Téarmaí agus coinníollacha eile - Tír soláthair	Lamháltas atá ann faoi láthair i Sceideal CLXXV (AE28)	Lamháltas atá beartaithe le haghaidh AE27
013	Sraithadhmad de speicis bhuaircíneacha, gan substaintí eile a chur leis: — nár ullmhaíodh a shraitheanna níos mó ná an próiseas scafa, ar mó an tiús atá ann ná 8,5 mm, nó — é greanáilte, ar mó an tiús atá ann ná 18,5 mm	m ciúbach		650 000	482 648
014	Abhras lín neamhthuartha (seachas abhras barraigh) de 333.3 deiciteics nó níos mó (nach mó ná 30 a uimhir mhéadrach)	t		400	400
015	Mionearraí gloine den chineál céanna seachas na cinn seo a leanas: coirníní gloine, péarlaí bréige, agus clocha lómhara agus leathlómhara bréige	t		52	52
016	Fearóisileacan	t		12 600	12 600
017	Fearó-sileacamangainéis	t		18 550	18 550
018	Fearóchróimiam nach bhfuil níos mó ná 0,10 % de charbón de réir meáchain ann, agus a bhfuil níos mó ná 30 % de chróimiam ach nach bhfuil níos mó ná 90 % ann	t		2 950	2 804

PUBLIC